Cluichí Teanga: Inscne

- **Cluiche na gCón** – Glaoitear amach an t-ainmfhocal leis an alt, ritheann na foghlaimeoirí go dtí an cón firinscneach/baininscneach sa chlós.

- **Cluiche Cuimhne** – Chuaigh mé go dtí an siopa agus cheannaigh mé *an t-úll, an t-oráiste, an t-arán* srl – caithfidh gach ainmfhocal a bheith firinscneach nó baininscneach in aon chluiche amháin.

- **Leadóg Focal** – Imríonn beirt an cluiche seo. Cosúil le cluiche leadóige, déarfaidh duine amháin ainmfhocal firinscneach/baininscneach agus caithfidh an duine eile ainmfhocal a rá ar ais; caithfidh gach ainmfhocal a bheith firinscneach nó baininscneach in aon chluiche amháin; níl cead an t-ainmfhocal céanna a rá faoi dhó; caithfear an t-ainmfhocal a rá leis an alt. Is féidir dhá fhoireann a dhéanamh sa rang.

- **Deir Ó Gráda** – Glaoitear amach an t-ainmfhocal, seasann na foghlaimeoirí má tá an t-ainmfhocal firinscneach, suíonn na foghlaimeoirí má tá an t-ainmfhocal baininscneach.